# An Fiosraitheoir

## Tasc 1: Ag Fiosrú Focal

1. Cé acu thíos atá ar comhchiall le **millteanach**?
   (a) Uafásach
   (b) Contúirteach
   (c) Scriosta

2. Tá an frása **ag stealladh báistí** i bparagraf 2. An bhfuil dóigh eile leis seo a rá?

3. Cé acu thíos atá contrártha le **go breá**?
   (a) Go holc
   (b) Go minic
   (c) Go cinnte

4. Is cathair í Doire atá suite in Éirinn. Ainmnigh 3 chathair eile in Éirinn.

## Tasc 2: Ag Fiosrú Feasa

1. Cad é ábhar an scéil seo go príomha?
2. Cad é a thaitin leat faoin téacs seo?
3. Luaigh rud amháin suimiúil a d'fhoghlaim tú ón téacs seo.
4. Cén fáth a ndearna Amelia na turais chontúirteacha seo, do bharúil?
5. Cad é a tharla don eitleán sa deireadh i do bharúil féin?

cea
Rewarding Learning

Gach íomhá agus léaráid © thinkstock.com

10 Amelia Earhart

Foilseachán de chuid CCEA © 2016

Curaclam
Thuaisceart Éireann

# Taisce Tuisceana



# Amelia Earhart

# Amelia Earhart

Píolóta clúiteach a bhí in Amelia Earhart. Rugadh Amelia sna Stáit Aontaithe sa bhliain 1897 agus bhí dúil mhór aici in eitleáin agus san eitilt ó bhí sí iontach óg. Sa bhliain 1928, ba í Amelia an chéad bhean riamh a d'eitil trasna an Atlantaigh. Ní raibh eitleáin mhóra ann ag an am sin mar atá sa lá atá inniu ann. Ní raibh ann ach eitleáin bheaga agus spás iontu do bheirt nó thriúr. Níor eitil duine ar bith trasna an Atlantaigh go dtí 1927. Ba é Charles Lindbergh, píolóta cáiliúil eile, an chéad duine a rinne sin.

Sa bhliain 1928, chuaigh Amelia le beirt phíolótaí eile trasna an Atlantaigh. Ach ba bhreá le Amelia a bheith ar an chéad bhean a dhéanfadh an turas sin léi féin. Bhí a fhios aici go raibh an turas ag dul a bheith **millteanach** contúirteach ach níor chuir sin stop léi. Duine **cróga** a bhí inti agus ní raibh aon eagla uirthi. Sa bhliain 1932 bhí sí réidh leis an turas iontach seo a dhéanamh agus ar an 20 Bealtaine d'imigh sí ó Thalamh an Éisc i gCeanada ar bord eitleán beag dearg, an *Lockheed Vega 5B*. Bhí sí ag iarraidh eitilt an bealach ar fad go Páras sa Fhrainc. Bhí an turas an-chontúirteach. Bhí sé scamallach, ag cur seaca agus **ag stealladh báistí** go minic. Cé go raibh turas crua aici a ghlac 15 uair an chloig, d'éirigh léi eitilt trasna an Atlantaigh ach níor leaindeáil sí i bPáras ach i nDoire, in Éirinn! Nuair a tháinig sí amach as an eitleán i bpáirc lán d'ainmhithe, chuir sí ceist ar fhear a bhí sa pháirc: 'Cá háit a bhfuil mé?' 'Tá tú i bpáirc Uí Ghallchóir!' a dúirt sé agus d'fhan Amelia ag muintir Uí Ghallchóir an oíche sin. Bhí sí spíonta scriosta ach ba í Amelia an chéad bhean riamh a rinne an turas seo léi féin.

Níor stop Amelia ansin. Bhí plean eile aici eitilt thart ar an domhan ar fad. Sa bhliain 1937, agus í ag tarraingt ar 40 bliain d'aois, chuaigh Amelia agus píolóta eile darbh ainm Frank Noonan ar bord eitleán eile, an *Lockheed Electra 10E*. D'éirigh **go breá** leo ar dtús agus taobh istigh de 40 lá bhí 35 000 ciliméadar déanta acu. Ní raibh ach 11 000 ciliméadar eile le déanamh acu. Ar an 2 Iúil d'fhág siad Nua-Ghuine, cóngarach don Astráil, ach tamall ina dhiaidh sin tharla tubaiste éigin. Cailleadh an t-eitleán áit éigin thar an fharraige mhór. Níor chuala aon duine ó Amelia ná ó Frank ina dhiaidh sin agus go dtí an lá inniu féin níl a fhios ag aon duine cad é a tharla dóibh.



# Ceisteanna

**1. Cá huair a rinneadh an chéad turas in eitleán trasna an Atlantaigh?**
(a) 1927
(b) 1928
(c) 1937

**2. Cé acu abairt thíos atá fíor?**
(a) Bhí suim mhór i gcónaí ag Amelia san eitilt
(b) Ní raibh suim ar bith aici san eitilt
(c) Chuir sí suim san eitilt nuair a bhí sí ina duine fásta

**3. Cén dá aidiacht is fearr a chuireann síos ar an eitilt trasna an Atlantaigh?**
(a) Scanrúil agus deacair
(b) Leadránach agus te
(c) Furasta agus fuar

**4. Cad é an bhaint atá ag Amelia Earhart le Doire?**
(a) Rugadh i nDoire í
(b) Leaindeáil sí a heitleán i nDoire
(c) Fuair sí bás i nDoire

**5. Cad é mar a mhothaigh Amelia nuair a d'eitil sí trasna an Atlantaigh léi féin, do bharúil?**
(a) Bhí bród uirthi
(b) Bhí náire uirthi
(c) Bhí fearg uirthi

**6. Cad é mar atá fhios againn nár éirigh léi eitilt thart ar an domhan?**
(a) Ní raibh an t-eitleán mór go leor
(b) Ní fhaca duine ar bith arís í
(c) D'inis sí bréag faoi

**7. I bparagraf 2 tá an focal cróga in úsáid mar:**
(a) réamhfhocal.
(b) ainmfhocal.
(c) aidiacht.

**8. Cén sórt téacs é seo?**
(a) Ficsean
(b) Neamhfhicsean
(c) Fógra